CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/2014 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Samhain 2021

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1073 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla agus rialacha maidir le cur chun feidhme an chreata iontaoibhe i ndáil le Deimhniú Digiteach COVID AE a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 maidir le creat chun deimhnithe idir-inoibritheacha COVID-19 i ndáil le vacsaíniú, tástáil agus téarnamh (Deimhniú Digiteach COVID AE) a eisiúint agus a fhíorú, agus chun go nglacfaí leo, chun an tsaorghluaiseacht a éascú le linn phaindéim COVID-19 ([1]), agus go háirithe Airteagal 9 (1) agus (3) de sin,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2021/953 leagtar amach Deimhniú Digiteach COVID AE arb é is cuspóir dó a bheith mar chruthúnas go bhfuair duine vacsaín COVID-19, go bhfuair duine toradh diúltach ar thástáil nó gur théarnaigh duine ó ionfhabhtú chun go n-éascófar ceart an tsealbhóra chun saorghluaiseachta le linn phaindéim COVID-19 a fheidhmiú.

(2) Ionas go n-oibreoidh Deimhniú Digiteach COVID AE ar fud an Aontais, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1073 ón gCoimisiún ([2]) lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla agus rialacha chun sonraí a chur i nDeimhnithe Digiteacha COVID AE agus chun iad a eisiúint agus a fhíorú ar bhealach slán, chun cosaint sonraí pearsanta a áirithiú, struchtúr comhchoiteann aitheantóir uathúil an deimhnithe a leagan síos agus barrachód bailí, slán agus idir-inoibritheach a eisiúint.

(3) Tá fógartha ag roinnt mhaith Ballstát nó tá tosaithe acu cheana féin ar dháileoga vacsaíne COVID-19 a thabhairt sa bhreis ar an ngnáthshraith vacsaínithe chaighdeánach phríomhúil atá ceaptha cosaint leordhóthanach a chur ar fáil ag an gcéim thosaigh, go háirithe do dhaoine arbh fhéidir nach ndearna an tsraith vacsaínithe phríomhúil biseach dóibh ar bhonn sásúil, agus atá ag smaoineamh ar 'theanndáileog' do dhaoine a ndearna an vacsaíniú príomhúil biseach dóibh go leordhóthanach. Sa chomhthéacs sin, d'fhoilsigh an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú cúinsí sláinte poiblí eatramhacha an 1 Meán Fómhair 2021 chun dáileoga breise vacsaíne COVID-19 a chur ar fáil ([3]).

(4) An 4 Deireadh Fómhair 2021, tháinig an Coiste um Tháirgí Íocshláinte lena nÚsáid ag an Duine, ar coiste de chuid na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí é, ar an gconclúid gur féidir dáileog bhreise de vacsaíní COVID-19 Comirnaty agus Spikevax a thabhairt do dhaoine a bhfuil córais imdhíonachta an-lagaithe acu, 28 lá ar a laghad tar éis a ndara dáileog ([4]). Rinne an Coiste meastóireacht freisin ar shonraí le haghaidh Comirnaty a léiríonn ardú i leibhéil antasubstainte nuair a thugtar teanndáileog thart ar 6 mhí tar éis an dara dáileog i ndaoine idir 18 agus 55

([1]) IO L 211, 15.6.2021, lch. 1.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1073 ón gCoimisiún an 28 Meitheamh 2021 lena leagtar síos sonraíochtaí teicniúla agus rialacha maidir le cur chun feidhme an chreata iontaoibhe i ndáil le Deimhniú Digiteach COVID AE a bunaíodh le Rialachán (AE) 2021/953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 230, 30.6.2021, lch. 32).

([3]) https://www.ecdc.europa.eu/en/publications-data/covid-19-public-health-considerations-additional-vaccine-doses

([4]) https://www.ema.europa.eu/en/news/comirnaty-spikevax-ema-recommendations-extra-doses-boosters

bliain d'aois. Ar bhonn na sonraí sin, tháinig an Coiste ar an gconclúid gur féidir teanndáileoga le haghaidh Comirnaty a mheas 6 mhí ar a laghad tar éis an dara dáileog i gcás daoine atá 18 bliana d'aois nó níos sine. Mar a luaigh an Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach, féadfaidh comhlachtaí sláinte poiblí ar an leibhéal náisiúnta moltaí oifigiúla a eisiúint maidir le teanndáileoga a úsáid, agus sonraí éifeachtúlachta atá ag teacht chun cinn agus na sonraí teoranta sábháilteachta á gcur san áireamh. Tugadh eolas táirge Comirnaty ([5]) agus Spikevax ([6]) cothrom le dáta dá réir chun na moltaí seo a chur san áireamh.

(5) Chun cineálacha cur chuige éagsúla, mearbhlach nó neamh-chomhoiriúnachta a sheachaint i measc na mBallstát, is gá rialacha aonfhoirmeacha a ghlacadh maidir le sonraí a chur sna deimhnithe vacsaínithe dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2021/953 arna n-eisiúint tar éis dáileoga breise den sórt sin a thabhairt.

(6) De réir Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2021/953, tá deimhniú vacsaínithe le heisiúint tar éis do gach dáileog a bheith tugtha, ní mór a léiriú go soiléir ar críochnaíodh an cúrsa vacsaínithe nó nár críochnaíodh, agus ní mór líon na ndáileog atá á thabhairt don sealbhóir a bheith ann. De bhun na hIarscríbhinne a ghabhann leis an Rialachán, ní mór a áireamh sa dheimhniú vacsaínithe, mar réimsí sonraí, an líon i sraith dáileog chomh maith leis an líon foriomlán dáileog sa tsraith. Maidir leis an gcaoi sonraí a chur sna deimhnithe vacsaínithe arna n-eisiúint tar éis dáileoige breise a thabhairt, arna nglacadh trí bhíthin gníomh cur chun feidhme, ní mór dóibh na ceanglais arna mbunú le Rialachán (AE) 2021/953 a chomhlíonadh.

(7) Ba cheart a léiriú sna deimhnithe vacsaíne a eisítear le haghaidh dáileoga den tsraith phríomhúil vacsaínithe vacsaíniú iomlán tar éis an tsraith phríomhúil chaighdeánach a chríochnú fiú i gcásanna ina moltar dáileoga breise a thabhairt ina dhiaidh sin. Ba cheart a léiriú sna deimhnithe vacsaíní a eisítear le haghaidh dáileoga breise a thugtar tar éis na sraithe vacsaínithe príomhúla líon na ndáileog a thugtar don sealbhóir, dá bhforáiltear i bpointe (b) d'Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) 2021/953 chomh maith le líon foriomlán na ndáileog laistigh den tsraith, agus dáileoga vacsaínithe príomhúla chomh maith le haon dáileog bhreise a chur san áireamh.

(8) Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar chás na ngrúpaí leochaileacha a d'fhéadfadh dáileoga breise a fháil mar ábhar tosaíochta. Má chinneann Ballstát dáileog bhreise a thabhairt d'fhoghrúpaí áirithe den daonra, agus dóibh sin amháin, d'fhéadfadh sé breithniú a dhéanamh ar dheimhnithe vacsaínithe a eisiúint lena léirítear tabhairt na dáileoige breise sin arna iarraidh sin agus ní go huathoibríoch, ós rud é go dtugtar le hAirteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2021/953 deis do na Ballstáit roghnú idir an dá rogha sin. A fhad nach dtugtar dáileoga breise ach d'fhoghrúpa sonrach den daonra amháin, níor cheart a cheangal ar dhaoine a bhaineann leis an bhfoghrúpa sin an deimhniú a sholáthar ina léirítear tabhairt na dáileoige breise agus a gceart chun saorghluaiseachta á fheidhmiú acu le linn phaindéim COVID-19, agus d'fhéadfaidís, ina ionad sin, an deimhniú a fhaightear tar éis an tsraith vacsaínithe phríomhúil a chríochnú a úsáid.

(9) Ag an tráth céanna, tá sé tábhachtach go léirítear i gceart ar na deimhnithe vacsaínithe a eisítear do dhaoine a bhaineann le grúpaí den sórt sin tar éis dáileoga breise a bheith tugtha líon na ndáileog a thugtar dóibh. Ar an gcéad dul síos, tugtar ceart do gach duine deimhniú vacsaínithe a fháil i Rialachán (AE) 2021/953, deimhniú ina léirítear líon na ndáileog a thugtar dóibh, tar éis gach dáileog a thabhairt. Ar an dara dul síos, féadfaidh na Ballstáit teorainn a chur, chun críoch saorghluaiseachta, ar an tréimhse glactha deimhnithe vacsaínithe arna n-eisiúint tar éis an tsraith vacsaínithe phríomhúil a chríochnú, má chuirtear fianaise eolaíoch ar fáil go dtéann an chosaint a thugtar le sraith vacsaínithe phríomhúil i léig go pointe faoi bhun leibhéal áirithe tar éis tréimhse áirithe. I gcás nach dtugtar an deis do ghrúpaí leochaileacha deimhnithe vacsaínithe a fháil tar éis dáileog bhreise a thabhairt, bheadh gá le céimeanna breise riaracháin chun iad a fháil nuair a éiríonn siad níos tábhachtaí ó thaobh a saoirse gluaiseachta de, agus d'fhéadfadh bacainní ina leith a bheith mar thoradh air sin.

(10) Ina theannta sin, ba cheart na rialacha maidir le sonraí a chur i nDeimhniú Digiteach COVID AE a shoiléiriú a thuilleadh. Ba cheart tacair luacha shonracha lena gcuirtear i bhfeidhm na rialacha códúcháin a bunaíodh a chur ar fáil go poiblí.

([5]) https://www.ema.europa.eu/en/documents/product-information/comirnaty-epar-product-information_en.pdf
([6]) https://www.ema.europa.eu/en/documents/product-information/spikevax-previously-covid-19-vaccine-moderna-epar-product-information_en.pdf

(11) Chun idir-inoibritheacht Dheimhniú Digiteach COVID AE a áirithiú, ba cheart struchtúr comhchoiteann sonraí comhordaithe a shainiú le haghaidh na sonraí atá le háireamh sna deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2021/953 trí scéimre Nodaireacht Oibiachtaí JavaScript (JSON) a úsáid.

(12) Ba cheart Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1073 a leasú dá réir sin.

(13) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([7]) agus thug sé barúlacha foirmiúla an 18 Deireadh Fómhair 2021 ([8]).

(14) I bhfianaise an ghá atá le cur chun feidhme tapa na sonraíochtaí teicniúla leasaithe le haghaidh Dheimhniú Digiteach COVID AE, ba cheart an Cinneadh seo teacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(15) Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bunaíodh le hAirteagal 14 de Rialachán (AE) 2021/953,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1073 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

'*Airteagal 4*

Leagtar amach in Iarscríbhinn IV na rialacha rialachais is infheidhme maidir le deimhnithe eochrach poiblí i ndáil le tairseach Dheimhniú Digiteach COVID AE a thacaíonn le gnéithe idir-inoibritheachta an chreata iontaoibhe.';

(2) cuirtear isteach Airteagail 5 agus 6 seo a leanas:

'*Airteagal 5*

Leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an gCinneadh seo struchtúr comhchoiteann sonraí comhordaithe le haghaidh na sonraí atá le háireamh sna deimhnithe dá dtagraítear in Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2021/953, agus scéimre Nodaireacht Oibiachtaí JavaScript (JSON) á úsáid.

Airteagal 6

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.';

(3) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn II.

(4) Leasaítear Iarscríbhinn III i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo;

(5) Déantar an téacs atá in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an gCinneadh seo a chur isteach mar Iarscríbhinn V.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([7]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

([8]) https://edps.europa.eu/system/files/2021-10/2021-0943%20Formal_comments_EUDCC_en.pdf

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 17 Samhain 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

"IARSCRÍBHINN II

RIALACHA CHUN DEIMHNIÚ DIGITEACH COVID AE A LÍONADH

Tá sé d'aidhm ag na rialacha ginearálta a bhaineann leis na tacair luacha a bunaíodh san Iarscríbhinn seo idir-inoibritheacht ar leibhéal séimeantach a áirithiú agus ceadóidh siad cur chun feidhme teicniúil aonfhoirmeach do Dheimhniú Digiteach COVID AE. Féadfar gnéithe atá san Iarscríbhinn seo a úsáid le haghaidh trí shuíomh éagsúla (vacsaíniú/tástáil/téarnamh), mar a fhoráiltear i Rialachán (AE) 2021/953. Ní liostaítear ach gnéithe lena mbaineann riachtanas caighdeánaithe shéimeantaigh trí thacair luacha códaithe san Iarscríbhinn seo.

Tá na Ballstáit freagrach as aistriúchán na ngnéithe códaithe chuig an teanga náisiúnta.

Maidir le gach réimse sonraí nach luaitear sna tuairiscí tacair luacha seo a leanas, tugtar tuairisc ar ionchódú in Iarscríbhinn V.

Má tharlaíonn sé, ar chúis ar bith, nach féidir na córais cód roghnaithe a liostaítear thíos a úsáid, féadfar córais cód idirnáisiúnta eile a úsáid agus cuirfear comhairle maidir le cóid a mhapáil ón gcóras cód eile chuig an gcóras cód roghnaithe i bhfeidhm. Féadfar téacs (ainmneacha taispeána) a úsáid i gcásanna eisceachtúla mar shásra cúltaca nuair nach bhfuil cód oiriúnach ar fáil sna tacair luacha shainithe.

Déanfaidh na Ballstáit a úsáideann códú eile ina gcórais cóid den sórt sin a mhapáil chuig na tacair luacha a dtugtar tuairisc orthu. Tá na Ballstáit freagrach as aon mhapáil den sórt sin.

Ós rud é go bhfuil síorathrú ag teacht ar roinnt tacar luacha atá bunaithe ar na córais chódúcháin dá bhforáiltear san Iarscríbhinn seo, amhail na córais le haghaidh códú vacsaíní agus códú mearthástála antaiginí, foilseoidh an Coimisiún iad agus déanfaidh sé iad a nuashonrú go rialta le tacaíocht ón Líonra r-Shláinte agus ón gCoiste Slándála Sláinte. Déanfar na tacair luacha nuashonraithe a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin ábhartha an Choimisiúin, chomh maith le leathanach gréasáin an Líonra r-Shláinte. Soláthrófar stair athruithe.

1. **An galar nó an t-oibreán ar ar díríodh/An galar nó an t-oibreán ónar théarnaigh an sealbhóir: COVID-19 (SARS-CoV-2 nó ceann dá chuid athraitheach)**

   Le húsáid i ndeimhnithe 1, 2 agus 3.

   Úsáidfear an cód seo a leanas:

Cód	An Taispeáint	Ainm an Chórais Cód	URL an Chórais Cód	OID an Chórais Cód	Leagan an Chórais Cód
840539006	COVID-19	SNOMED CT	http://snomed.info/sct	2.16.840.1.113883.6.96	2021-01-31

2. **Vacsaín in aghaidh COVID-19 nó próifiolacsas in aghaidh COVID-19**

   Córas Cód Roghnaithe: SNOMED CT nó Rangú ATC.

   Le húsáid i ndeimhniú 1.

   Is sampla iad seo a leanas de chóid a úsáidfear ó na córais cód roghnaithe: cód SNOMED CT 1119305005 (vacsaín antaigine SARS-CoV-2), 1119349007 (vacsaín teachtaire RNA SARS-CoV-2) nó J07BX03 (vacsaíní COVID-19).

   Déanfaidh an Coimisiún tacar luach ina leagfar amach na cóid a bheidh le húsáid de bhun na gcóras cód a bhunaítear sa roinn seo a fhoilsiú agus a nuashonrú go tráthrialta le tacaíocht ón Líonra r-Shláinte. Déanfar an tacar luacha a leathnú nuair a fhorbraítear cineálacha nua vacsaíní agus nuair a úsáidtear iad.

3. **Táirge íocshláinte vacsaíne in aghaidh COVID-19**

Córas Cód Roghnaithe (san ord roghnaithe):

— Clár an Aontais de tháirgí íocshláinte le haghaidh vacsaíní ag a bhfuil údarú uile-AE (uimhreacha údaraithe);

— Clár vacsaíní domhanda amhail ceann a d'fhéadfadh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte a bhunú;

— Ainm an táirge íocshláinte vacsaíne i gcásanna eile. Má tá spásanna bána san ainm, cuirfear fleiscín (-) ina n-áit.

Ainm an Tacair Luacha: Vacsaín.

Le húsáid i ndeimhniú 1.

Is sampla é AE/1/20/1528 (Comirnaty) de chód a úsáidfear ó na córais cód roghnaithe. Is sampla é seo ar ainm vacsaíne ar cheart a úsáid mar chód: Sputnik-V (ag seasamh le haghaidh Sputnik V).

Déanfaidh an Coimisiún tacar luach ina leagfar amach na cóid a bheidh le húsáid de bhun na gcóras cód a bhunaítear sa roinn seo a fhoilsiú agus a nuashonrú go tráthrialta le tacaíocht ón Líonra r-Shláinte.

Déanfar vacsaíní a chódú trí úsáid a bhaint as cód atá ann cheana sa tacar luacha foilsithe, fiú má tá a n-ainmneacha éagsúil i dtíortha éagsúla. Is é is cúis leis sin nach bhfuil aon chlárlann dhomhanda vacsaíní ann go fóill a chlúdaíonn na vacsaíní ar fad atá in úsáid faoi láthair. Mar shampla:

— I gcás vacsaín "Instealladh Ionmhatánach Vacsaín Moderna in aghaidh COVID-19 ", arb é ainm na vacsaíne Spikevax sa tSeapáin é, úsáidtear cód EU/1/20/1507, toisc gurb é ainm don vacsaín sin san Aontas Eorpach.

Mura bhfuil sé sin indéanta ná inmholta i gcás ar leith, cuirfear cód ar leith ar fáil sa tacar luacha foilsithe.

4. **Sealbhóir an údaraithe le haghaidh margú vacsaíne in aghaidh COVID-19 nó monaróir na vacsaíne in aghaidh COVID-19**

Córas Cód Roghnaithe:

— Cód eagraíochta ó EMA (córas SPOR le haghaidh ISO IDMP);

— Clár domhanda sealbhóirí an údaraithe le haghaidh margú vacsaíne nó clár monaróirí, amhail ceann a d'fhéadfadh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte a bhunú;

— Ainm na heagraíochta i gcásanna eile. Má tá spásanna bána san ainm, cuirfear fleiscín (-) ina n-áit.

Le húsáid i ndeimhniú 1.

Is sampla de chód ón gcóras cód roghnaithe a úsáidfear é ORG-100001699 (AstraZeneca AB). Is sampla é seo ar ainm eagraíochta ar cheart a úsáid mar chód: Sinovac-Biotech (ag seasamh le haghaidh Sinovac Biotech).

Déanfaidh an Coimisiún tacar luach ina leagfar amach na cóid a bheidh le húsáid de bhun na gcóras cód a bhunaítear sa roinn seo a fhoilsiú agus a nuashonrú go tráthrialta le tacaíocht ón Líonra r-Shláinte.

Bainfidh brainsí éagsúla de Sealbhóir an Údaraithe le haghaidh Margaithe céanna nó den mhonaróir céanna úsáid as cód atá ann cheana sa tacar luacha foilsithe.

Mar riail ghinearálta i gcás an táirge vacsaíne chéanna, bainfear úsáid as an gcód a thagraíonn do shealbhóir an údaraithe le haghaidh margaithe san Aontas toisc nach bhfuil aon chlárlann ann go fóill do mhonaróirí vacsaíne ná do shealbhóirí an údaraithe le haghaidh margú a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta. Samplaí:

— I gcás na heagraíochta 'Pfizer AG' ar sealbhóir an údaruithe le haghaidh margaithe é le haghaidh na vacsaíne "Comirnaty" a úsáidtear san Eilvéis, úsáid cód ORG-100030215 a thagraíonn do BioNTech Manufacturing GmbH mar is é sealbhóir an údaraithe le haghaidh margaithe Comirnaty san Aontas é.

— I gcás na heagraíochta 'Zuellig Pharma' ar sealbhóir an údaraithe le haghaidh margaithe é le haghaidh na Vacsaíne Covid-19 Moderna (Spikevax) a úsáidtear sna hOileáin Fhilipíneacha, úsáid cód ORG-100031184 a thagraíonn do Moderna Biotech Spain S.L., mar is é sealbhóir an údaraithe le haghaidh margaithe Spikevax san Aontas é.

Mura bhfuil sé sin indéanta ná inmholta i gcás ar leith, cuirfear cód ar leith ar fáil sa tacar luacha foilsithe.

5. **Uimhir i sraith dáileog chomh maith le líon foriomlán na ndáileog sa tsraith**

Le húsáid i ndeimhniú 1.

Dhá réimse:

(1) Uimhir i sraith dáileoga vacsaíne de vacsaín in aghaidh COVID-19 (N);

(2) Uimhir foriomlán na ndáileog sa tsraith vacsaínithe (C).

5.1. *Sraith vacsaínithe phríomhúil*

I gcás ina bhfuil dáileoga den tsraith vacsaínithe phríomhúil á bhfáil ag an duine, is é sin, an tsraith vacsaínithe atá ceaptha cosaint leordhóthanach a chur ar fáil ag an gcéim thosaigh, léireoidh (C) líon iomlán na ndáileog den tsraith chaighdeánach vacsaínithe phríomhúil (e.g. 1 nó 2 ag brath ar an gcineál vacsaíne a thugtar). Áirítear leis sin an rogha sraith níos giorra a úsáid (C=1) ina gcuireann Ballstát an prótacal vacsaínithe i bhfeidhm chun foráil a dhéanamh maidir le dáileog aonair de vacsaín 2-dháileog a thabhairt do dhaoine a bhí ionfhabhtaithe le SARS-CoV-2 roimhe sin. Dá bhrí sin, sonrófar sraith vacsaínithe phríomhúil chríochnaithe le N/C = 1. Mar shampla:

— Sonrófaí le 1/1 gur críochnaíodh cúrsa vacsaínithe aon dáileoige phríomhúil, nó gur críochnaíodh cúrsa príomhúil ina bhfuil dáileog amháin de vacsaín 2-dáileog a thugtar do dhuine téarnaithe i gcomhréir leis an bprótacal vacsaínithe a chuir Ballstát i bhfeidhm;

— Sonrófaí le 2/2 gur críochnaíodh sraith vacsaínithe phríomhúil 2-dáileoige.

I gcás ina leathnaítear an tsraith vacsaínithe phríomhúil, mar shampla i gcás daoine a bhfuil córais imdhíonachta an-lagaithe acu nó i gcás nár urramaíodh an tréimhse idir na príomhdháileoga, déanfar aon dáileog den sórt sin a ionchódú mar dháileoga breise a thagann faoi Roinn 5.2.

5.2. *Dáileoga breise*

I gcás ina bhfuil dáileoga á bhfáil ag an duine tar éis na sraithe vacsaínithe phríomhúil, léireofar na dáileoga breise sin (X) sna deimhnithe comhfhreagracha trí mhéaduithe ar líon na ndáileog a thugtar (N) agus ar an líon iomlán dáileog (C) (a fhágann (N+X)/(C+X)). Mar shampla:

— Sonrófaí le 2/2 gur tugadh dáileog bhreise tar éis cúrsa vacsaínithe aon dáileoige phríomhúil, nó gur tugadh dáileog bhreise tar éis cúrsa príomhúil ina bhfuil dáileog amháin de vacsaín 2-dáileog a thugtar do dhuine téarnaithe i gcomhréir leis an bprótacal vacsaínithe a chuir Ballstát i bhfeidhm;

— Sonrófaí le 3/3 gur tugadh dáileog bhreise tar éis sraith vacsaínithe phríomhúil 2-dáileoige a fháil.

Dá bhrí sin, sonrófar dáileoga breise a thugtar tar éis an tsraith vacsaínithe phríomhúil a bheith críochnaithe le (N+X)/(C+X) = 1.

Leanfar de bheith ag glacadh le deimhnithe vacsaínithe arna n-eisiúint faoin 31 Nollaig 2021 fiú má leanann deimhnithe den sórt sin riail éagsúil chun an uimhir a ionchódú i sraith dáileoga nó líon iomlán na ndáileog sa tsraith. Chun an méid sin a áirithiú, féadfar bearta teicniúla a ghlacadh.

Féadfaidh na Ballstáit, laistigh den chreat dlíthiúil arna bhunú le Rialachán (AE) 2021/953, bearta a ghlacadh chun aghaidh a thabhairt ar staid grúpaí leochaileacha a d'fhéadfadh dáileoga breise a fháil mar ábhar tosaíochta. Mar shampla, má chinneann Ballstát dáileog bhreise a thabhairt d'fhoghrúpaí sonracha den daonra amháin, féadfaidh sé a roghnú, i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de Rialachán (AE) 2021/953, deimhnithe vacsaínithe a eisiúint lena léirítear gur tugadh dáileoga breise den sórt sin ach amháin arna iarraidh sin agus ní go huathoibríoch. I gcás ina nglactar bearta den sórt sin, cuirfidh na Ballstáit na daoine lena mbaineann ar an eolas dá réir sin, agus cuirfidh siad in iúl dóibh freisin go bhféadfaidh siad leanúint d'úsáid a bhaint as an deimhniú a fuarthas tar éis dóibh an tsraith chaighdeánach vacsaínithe phríomhúil a chríochnú.

6. **An Ballstát nó an tríú tír inar tugadh an vacsaín/ina ndearnadh an tástáil**

Córas Cód Roghnaithe: Cóid Tíre ISO 3166.

Le húsáid i ndeimhnithe 1, 2 agus 3.

Inneachar an tacair luacha: an liosta iomlán de chóid a bhfuil 2 litir iontu, atá ar fáil mar thacar luacha a shainítear in FHIR (http://hl7.org/fhir/ValueSet/iso3166-1-2). I gcás gur eagraíocht idirnáisiúnta (amhail UNHCR nó EDS) a thug an vacsaín nó a rinne an tástáil agus nach bhfuil aon fhaisnéis faoin tír ar fáil, bainfear úsáid as cód don eagraíocht. Déanfaidh an Coimisiún cóid bhreise den sórt sin a fhoilsiú agus a nuashonrú go tráthrialta le tacaíocht ón Líonra r-Shláinte.

7. **An cineál tástála**

Le húsáid i ndeimhniú 2, agus i ndeimhniú 3 má thugtar tacaíocht le haghaidh eisiúint deimhnithe téarnaimh bunaithe ar chineálacha eile tástála seachas NAAT isteach trí ghníomh tarmligthe.

Bainfear úsáid as na cóid a leanas:

Cód	An Taispeáint	Ainm an Chórais Cód	URL an Chórais Cód	OID an Chórais Cód	Leagan an Chórais Cód
LP6464-4	Aimpliúchán aigéid núicléasaigh le brath tóireadóra	LOINC	http://loinc.org	2.16.840.1.113883.6.1	2.69
LP217198-3	Imdhíonmheasúnacht thapa	LOINC	http://loinc.org	2.16.840.1.113883.6.1	2.69

8. **Monaróir agus ainm trádála na tástála a úsáideadh (roghnach i gcás thástáil NAAT)**

Le húsáid i ndeimhniú 2.

Beidh san áireamh in inneachar an Tacair Luacha an rogha mearthástála antaiginí mar a liostaítear sa liosta comhchoiteann agus nuashonraithe de mhearthástálacha antaiginí COVID-19, arna mbunú ar bhonn Mholadh 2021/C 24/01 ón gComhairle agus a chomhaontaigh an Coiste Slándála Sláinte. Déanann an tAirmheán Comhpháirteach Taighde an liosta a choimeád sa Bhunachar Sonraí Feistí Diagnóiseacha *In Vitro* COVID-19 agus Modhanna Tástála ag: https://covid-19-diagnostics.jrc.ec.europa.eu/devices/hsc-common-recognition-rat

Maidir leis an gcóras cód sin, úsáidfear gach réimse ábhartha amhail aitheantóir na feiste, ainm agus monaróir na tástála, de réir fhormáid struchtúrtha an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde atá ar fáil ag: https://covid-19-diagnostics.jrc.ec.europa.eu/devices

9. **Toradh na tástála**

Le húsáid i ndeimhniú 2.

Úsáidfear na cóid a leanas:

Cód	An Taispeáint	Ainm an Chórais Cód	URL an Chórais Cód	OID an Chórais Cód	Leagan an Chórais Cód
260415000	Níor braitheadh é	SNOMED CT	http://snomed.info/sct	2.16.840.1.113883.6.96	2021-01-31
260373001	Braitheadh é	SNOMED CT	http://snomed.info/sct	2.16.840.1.113883.6.96	2021-01-31”

IARSCRÍBHINN II

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 3 de Iarscríbhinn III a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1073:

"3. **Ceanglais ghinearálta**

Ní mór na ceanglais uileghabhálacha seo a leanas a chomhlíonadh maidir le UCI:

(1) Tacar carachtar: ní cheadaítear ach carachtair alfa-uimhriúla US-ASCII ('A' go 'Z', '0' go '9') le carachtair speisialta le haghaidh dealú ó RFC3986 ([1]), eadhon {'/','#',':'};

(2) Fad uasta: déanfaidh dearthóirí iarracht fad de 27-30 carachtar a bhaint amach ([2]);

(3) Réimír leagain: tagraíonn sé sin do leagan an scéimre UCI. Is é '01' an réimír leagain don leagan seo den doiciméad; tá dhá dhigit sa réimír leagain;

(4) Réimír tíre: sonraítear an réimír tíre le ISO 3166-1. Coimeádtar cóid níos faide (e.g. 3 charachtar agus níos mó, mar shampla 'UNHCR') le húsáid sa todhchaí;

(5) Iarmhír cóid / Suim sheiceála:

5.1 Féadfaidh na Ballstáit suim sheiceála a úsáid nuair is dócha go dtarlódh tarchur, tras-scríbhinn (daonna) nó truailliú eile (is é sin nuair a úsáidtear an fhormáid phriontáilte).

5.2 Ní bheifear ag brath ar an tsuim sheiceála amháin chun an deimhniú a bhailíochtú agus níl sí mar chuid den aitheantóir go teicniúil ach úsáidtear í chun sláine an chóid a fhíorú. Ní mór an achoimre ISO-7812-1 (LUHN-10) ([3]) ar UCI iomlán i bhformáid iompair dhigiteach/sreinge a bheith mar an tsuim sheiceála. Tá an tsuim sheiceála scartha ón gcuid eile de UCI le carachtar '#'.

Áiritheofar comhoiriúnacht droim ar ais: áiritheoidh na Ballstáit a athraíonn struchtúr a n-aitheantóirí thar am (laistigh den phríomhleagan, atá socruithe ag v1 faoi láthair) go léiríonn aon dá aitheantóir atá díreach mar an gcéanna an deimhniú/dearbhú vacsaínithe céanna. Nó, i bhfocail eile, ní féidir leis na Ballstáit aitheantóirí a athchúrsáil..

([1]) rfc3986 (ietf.org)

([2]) Maidir le cóid QR a chur chun feidhme, d'fhéadfadh na Ballstáit sraith bhreise carachtar, suas le fad iomlán 72 charachtar (lena n-áirítear an t-aitheantóir 27-30 carachtar féin), a bhreithniú le cur leis d'fhonn faisnéis eile a chur in iúl. Is iad na Ballstáit atá freagrach as sainiú na faisnéise sin.

([3]) Is síneadh é an t-algartam 'Luhn mod N' d'algartam Luhn (a dtugtar algartam 'mod 10' air freisin) a oibríonn le haghaidh cóid uimhriúla agus úsáidtear é chun suim sheiceála cártaí creidmheasa a ríomh, mar shampla. Ceadaíonn an síneadh sin don algartam oibriú le seichimh luachanna in aon bhonn (carachtair alfa-uimhriúla sa chás seo)."

IARSCRÍBHINN III

"IARSCRÍBHINN V

SCÉIMRE NODAIREACHT OIBIACHTAÍ JAVASCRIPT (JSON)

1. **Réamhrá**

Bunaítear leis an Iarscríbhinn seo struchtúr na sonraí teicniúla le haghaidh Deimhnithe Digiteacha COVID AE, arna léiriú mar scéimre JSON. Cuirtear treoracha sonracha ar fáil sa doiciméad a bhaineann leis na réimsí sonraí ar leith.

2. **Suíomh Scéimre JSON agus leaganacha**

Cuirtear an t-aon scéimre oifigiúil iontaofa JSON le haghaidh Deimhnithe Digiteacha COVID AE ar fáil ag https://github.com/ehn-dcc-development/ehn-dcc-schema. Níl suíomhanna eile iontaofa, ach d'fhéadfaí iad a úsáid chun athbhreithnithe atá le teacht a ullmhú.

Mar réamhshocrú, an leagan atá ann faoi láthair agus a leagtar amach san Iarscríbhinn seo agus a bhfuil tacaíocht aige ó na tíortha uile atá á tháirgeadh faoi láthair le feiceáil faoin URL a shonraítear.

Tá an chéad leagan eile atá le teacht, a bhfuil tacaíocht aige le dáta sonraithe ó gach tír, le feiceáil faoin URL, rud atá léirithe trí clibeáil leaganacha, a bhfuil cur síos níos sainiúla air sa chomhad Readme.

3. **Struchtúir chomhchoiteanna agus ceanglais ghinearálta**

Ní eiseofar Deimhniú Digiteach COVID AE más rud é nach féidir na réimsí sonraí go léir a líonadh i gceart i gcomhréir leis an tsonraíocht sin mar gheall ar fhaisnéis atá in easnamh. **Ní thuigfear as sin go ndéanann sé sin difear d'oibleagáid na mBallstát Deimhnithe Digiteacha COVID AE a eisiúint.**

Féadfar faisnéis i ngach réimse a chur ar fáil trí úsáid a bhaint as an tacar iomlán carachtar UNICODE 13.0 atá ionchódaithe trí UTF-8 a úsáid, ach amháin má tá sé teoranta go sonrach do thacair luacha nó do thacair charachtair níos cúinge.

Is mar seo a leanas a bheidh an struchtúr comhchoiteanna:

"JSON": {

"ver": <faisnéis maidir leis na leaganacha>,

"nam": {

<faisnéis maidir le hainm an duine>

},

"dob": <date of birth>,

"v" nó "t" nó "r": [

{<faisnéis maidir le dáileog vacsaínithe nó tástáil nó téarnamh, iontráil amháin>}

]

}

Cuirfear faisnéis mhionsonraithe maidir le grúpaí agus réimsí aonair ar fáil sna chéad ranna eile.

3.1. *Leagan*

Cuirfear faisnéis faoi na leaganacha ar fáil De réir Próiseas Déanta Leaganacha a chuirtear Próiseas Déanta Leaganacha Séimeantacha i gcrích (semver: https://semver.org). Sa táirgeadh, beidh sé ar cheann de na leaganacha a eisíodh go hoifigiúil (an leagan atá ann faoi láthair nó ceann de na leaganacha níos sine). Féach an Roinn JSON Schema location chun tuilleadh sonraí a fháil.

Aitheantas an réimse	Ainm an réimse	Treoracha
ver	Leagan scéimre	Beidh sé ag teacht le haitheantóir an leagain scéimre a úsáidtear chun Deimhnithe Digiteacha COVID AE a tháirgeadh. Mar shampla: "ver": "1.3.0"

3.2. *Ainm agus dáta breithe an duine*

Is é ainm an duine ainm iomlán oifigiúil an duine, arb ionann é agus an t-ainm atá luaite ar dhoiciméid taistil. Is é *nam* aitheantóir an struchtúir. Go beacht cuirfear 1 (aon) ainm duine amháin ar fáil.

Aitheantas an réimse	Ainm an réimse	Treoracha
nam/fn	Sloinne (Sloinnte)	Sloinne (Sloinnte) an tsealbhóra, Go beacht cuirfear 1 (aon) réimse neamhfholamh amháin ar fáil, agus gach sloinne san áireamh ann. I gcás ilsloinnte, beidh spás eatarthu. I gcás ainmneacha teaglaim lena n-áirítear fleiscíní nó carachtair chomhchosúla, ní mór dóibh a bheith mar an gcéanna. Samplaí: ”fn”: ”Musterfrau-Gößinger” ”fn”: ”Musterfrau-Gößinger Müller”
nam/fnt	Sloinne/sloinnte caighdeánaithe	Traslitriú a dhéanamh ar shloinne/shloinnte an tsealbhóra ag úsáid an choinbhinsiúin chéanna a úsáidtear i ndoiciméid taistil mheaisín-inléite an tsealbhóra (amhail na rialacha a shainítear in ICAO doic 9303 Cuid 3). Go beacht cuirfear 1 (aon) réimse neamhfholamh amháin ar fáil, agus ní chuirfear ach carachtair A-Z agus < san áireamh ann. Fad uasta: 80 carachtar (de réir shonraíocht 9303 ICAO) Samplaí: ”fnt”: ”MUSTERFRAU<GOESSINGER” ”fnt”: ”MUSTERFRAU<GOESSINGER<MUELLER”
nam/gn	Túsainm(neacha)	Túsainm(neacha), amhail céadainm(neacha) an tsealbhóra. Mura bhfuil túsainmneacha ag an sealbhóir, léimfear ar aghaidh chuig an chéad réimse eile. I ngach cás eile, cuirfear 1 (aon) spás neamhfholamh amháin ar fáil go beacht, agus gach túsainm san áireamh ann. I gcás il-túsainmneacha, beidh spás eatarthu. Mar shampla: ”gn”: ”Isolde Erika”
nam/gnt	Túsainm(neacha) caighdeánaithe	Traslitriú a dhéanamh ar thúsainm(neacha) an tsealbhóra ag úsáid an coinbhinsiún céanna a úsáidtear i ndoiciméid taistil mheaisín-inléite an tsealbhóra (amhail na rialacha a shainítear in ICAO doic 9303 Cuid 3). Mura bhfuil túsainmneacha ag an sealbhóir, déanfar neamhaird ar an réimse. I ngach cás eile, cuirfear 1 (aon) spás neamhfholamh amháin ar fáil go beacht, agus ní chuirfear ach carachtair A-Z agus < san áireamh ann. Fad uasta: 80 charachtar. Mar shampla: ”gnt”: ”ISOLDE<ERIKA”
dob	Dáta breithe	Dáta breithe shealbhóir Dheimhniú Digiteach COVID AE. Dáta iomlán nó dáta i bpáirt gan teorainn leis an am idir 1900-01-01 agus 2099-12-31.

		Go beacht cuirfear 1 (aon) spás neamhfholamh amháin ar fáil más eol an dáta breithe ina iomlán nó i bpáirt. Mura bhfuil an dáta breithe ar eolas fiú i bpáirt, beidh an spás sin folamh "". Beidh sé seo ag teacht leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil ar na doiciméid taistil. Úsáidfear ceann de na formáidí ISO 8601 seo a leanas má tá faisnéis maidir leis an dáta breithe ar fáil. Ní thacaítear le roghanna eile. BBBB-MM-LL BBBB-MM BBBB (Féadfaidh an aip fíoraitheora codanna den dáta breithe nach bhfuil fáil orthu a thaispeáint agus an coinbhinsiún XX á úsáid ina choinbhinsiún a úsáidtear i ndoiciméid taistil mheaisín-inléite, e. g. 1990-XX-XX.) Samplaí: "dob": "1979-04-14" "dob": "1901-08" "dob": "1939" "dob": ""

3.3. *Grúpaí maidir le faisnéis a bhaineann go sonrach leis an gcineál deimhnithe*

Tacaíonn Scéimre JSON le trí ghrúpa iontrálacha a chuimsíonn faisnéis a bhaineann go sonrach leis an gcineál deimhnithe. Beidh 1 (aon) ghrúpa amháin i ngach Deimhniú Digiteach COVID AE go beacht. Ní cheadaítear grúpaí folmha.

Grúpa aitheantóir	Ainm an ghrúpa	Iontrálacha
v	Grúpa vacsaínithe	Más ann dó, beidh 1 (aon) iontráil amháin ann go beacht ina mbeidh tuairisc chruinn ar 1 (aon) dáileog vacsaínithe amháin (aon dáileog amháin) go beacht.
t	Grúpa tástála	Más ann dó, beidh 1 (aon) iontráil ann go beacht amháin ina mbeidh tuairisc ar 1 (aon) toradh tástála amháin go beacht.
r	Grúpa téarnaimh	Más ann dó, beidh 1 (aon) iontráil amháin ann go beacht ina mbeidh tuairisc ar 1 (aon) ráiteas téarnaimh amháin go beacht.

4. Faisnéis shonrach a bhaineann leis an gcineál deimhnithe

4.1. *Deimhniú vacsaínithe*

Grúpa vacsaínithe, más ann dó, beidh 1 (aon) iontráil amháin ann go beacht ina mbeidh tuairisc ar aon imeacht vacsaínithe amháin (aon dáileog amháin) go beacht. Tá gach gné den ghrúpa vacsaínithe éigeantach, ní thacaítear le luachanna folmha.

Aitheantas an réimse	Ainm an réimse	Treoracha
v/tg	An galar nó oibreán ar ar díríodh: COVID-19 (SARS-CoV-2 nó ceann dá chuid athraitheach)	Luach códaithe ón tacar luacha disease-agent-targeted.json. Tá iontráil aonair 840539006 ag an tacar luacha seo, is é sin an cód le haghaidh COVID-19 ó SNOMED CT (GPS). Go beacht cuirfear 1 (aon) réimse neamhfholamh amháin ar fáil. Mar shampla: "tg": "840539006"

v/vp	Vacsaín in aghaidh COVID-19 nó próifiolacsas in aghaidh COVID-19	Cineál vacsaíne nó próifiolacsais a úsáidtear. Luach códaithe ón tacar luacha vaccine-prophylaxis.json. Dáiltear an tacar luacha ó Thairseach Deimhnithe Digiteacha COVID AE. Go beacht cuirfear 1 (aon) réimse neamhfholamh amháin ar fáil. Mar shampla: "vp": "1119349007" (vacsaín teachtaire NRA SARS-CoV-2)
v/mp	Táirge vacsaíne in aghaidh COVID-19	Táirge íocshláinte a úsáidtear don dáileog vacsaínithe áirithe seo Luach códaithe ón tacar luacha vaccine-medicinal-product.json. Dáiltear an tacar luacha ó Thairseach Deimhnithe Digiteacha COVID AE. Go beacht cuirfear 1 (aon) réimse neamhfholamh amháin ar fáil. Mar shampla: "mp": "EU/1/20/1528" (Comirnaty)
v/ma	Sealbhóir an údaraithe le haghaidh margú vacsaíne in aghaidh COVID-19 nó monaróir na vacsaíne in aghaidh COVID-19	Sealbhóir an údaraithe le haghaidh margaithe nó monaróir, mura bhfuil sealbhóir an údaraithe le haghaidh margaithe i láthair. Luach códaithe ón tacar luacha vaccine-mah-manf.json. Dáiltear an tacar luacha ó Thairseach Dheimhnithe Digiteacha COVID AE. Go beacht cuirfear 1 (aon) réimse neamhfholamh amháin ar fáil. Mar shampla: "ma": "ORG-100030215" (Biontech Manufacturing GmbH)
v/dn	Uimhir i sraith dáileog	Sraithuimhir (slánuimhir dhearfach) na dáileoige a tugadh le linn an imeachta vacsaínithe seo. 1 don chéad dáileog, 2 don dara dáileog etc. Tá rialacha níos sainiúla ar fáil i Roinn 5 d'Iarscríbhinn II. Go beacht cuirfear 1 (aon) réimse neamhfholamh amháin ar fáil. Samplaí: "dn": "1" (an chéad dáileog) "dn": "2" (an dara dáileog) "dn": "3" (an tríú dáileog)
v/sd	An líon foriomlán de dháileoga na sraithe	An líon foriomlán de dháileoga na sraithe vacsaínithe (slánuimhir dheimhneach). Tá rialacha níos sainiúla ar fáil i Roinn 5 d'Iarscríbhinn II. Go beacht cuirfear 1 (aon) réimse neamhfholamh amháin ar fáil. Samplaí: "sd": "1" (i gcás cúrsa vacsaínithe phríomhúil 1-dáileoige) "sd": "2" (i gcás sraith vacsaínithe phríomhúil 2-dháileog nó le haghaidh dáileog bhreise tar éis cúrsa vacsaínithe príomhúil 1-dáileoige) "sd": "3"(e.g. i gcás dáileog bhreise tar éis sraith vacsaínithe phríomhúil 2-dáileog)
v/dt	Dáta vacsaínithe:	An dáta a fuarthas an dáileog ar tugadh tuairisc uirthi, i bhformáid BBBB-MM-LL (dáta iomlán gan am). Ní thacaítear le formáidí eile. Go beacht cuirfear 1 (aon) réimse neamhfholamh amháin ar fáil. Mar shampla: "dt": "2021-03-28"
v/co	an Ballstát nó an tríú tír inar tugadh an vacsaín	Tír arna sloinneadh mar chód 2-litir ISO3166 (INMHOLTA) nó mar thagairt d'eagraíocht idirnáisiúnta atá freagrach as an imeacht vacsaínithe (amhail UNHCR nó EDS). Luach códaithe ón tacar luacha country-2-codes.json.

		Dáiltear an tacar luacha ó Thairseach Dheimhnithe Digiteacha COVID AE. Go beacht cuirfear 1 (aon) spás amháin ar fáil. Mar shampla: "co": "CZ" "co": "UNHCR"
v/is	Eisitheoir an deimhnithe	Ainm na heagraíochta a d'eisigh an deimhniú. Ceadaítear aitheantóirí mar chuid den ainm ach ní mholtar iad a úsáid go leithleach gan an t-ainm mar théacs. 80 carachtar UTF-8 ar a mhéad Go beacht cuirfear 1 (aon) réimse neamhfholamh amháin ar fáil. Mar shampla: "is": "Ministry of Health of the Czech Republic" "is": "Vaccination Centre South District 3"
v/ci	Aitheantóir uathúil an deimhnithe	Aitheantóir uathúil an deimhnithe mar a shonraítear ar https://ec.europa.eu/health/sites/default/files/ehealth/docs/vaccination-proof_interoperability-guidelines_en.pdf Tá sé roghnach an tsuim sheiceála a áireamh. Féadfar an réimír "URN:UVCI:" a chur isteach. Go beacht cuirfear 1 (aon) réimse neamhfholamh amháin ar fáil. Samplaí: "ci": "URN:UVCI:01:NL:187/37512422923" "ci": "URN:UVCI:01:AT:10807843F94AEE0EE5093FBC254BD813#B"

4.2. *Deimhniú tástála*

Grúpa tástála, más ann dó, beidh 1 (aon) iontráil amháin ann go beacht ina mbeidh tuairisc ar aon toradh tástála amháin go beacht.

Aitheantas an réimse	Ainm an réimse	Treoracha
t/tg	An galar nó oibreán ar ar díríodh: COVID-19 (SARS-CoV-2 nó ceann dá chuid athraitheach)	Luach códaithe ón tacar luacha disease-agent-targeted.json. Tá iontráil aonair 840539006 ag an tacar luacha seo, is é sin an cód le haghaidh COVID-19 ó SNOMED CT (GPS). Go beacht cuirfear 1 (aon) réimse neamhfholamh amháin ar fáil. Mar shampla: "tg": "840539006"
t/tt	An cineál tástála	An cineál tástála a úsáideadh, bunaithe ar an ábhar ar ar díríodh sa tástáil. Luach códaithe ón tacar luacha test-type.json (bunaithe ar LOINC). Ní cheadaítear luachanna lasmuigh den tacar luacha. Go beacht cuirfear 1 (aon) réimse neamhfholamh amháin ar fáil. Mar shampla: "tt": "LP6464-4" (Aimpliúchán aigéid núicléasaigh le brath tóireadóra) "tt": "LP217198-3" (Imdhíonmheasúnacht thapa)
t/nm	Ainm na tástála (tástálacha aimpliúcháin aigéid núicléasaigh amháin)	Ainm na tástála aimpliúcháin aigéid núicléasaigh (NAAT) a úsáidtear. Ba cheart ainm an mhonaróra tástála agus ainm tráchtála na tástála, agus camóg eatarthu, a bheith san ainm. I gcás NAAT: tá an réimse roghnach. I gcás mearthástálacha antaiginí: ní úsáidfear an réimse, ós rud é go soláthraítear ainm na tástála go hindíreach trí aitheantóir feiste na tástála (t/ma).

		Nuair a sholáthraítear an réimse, ní bheidh sé folamh. Mar shampla: "nm": "ELITechGroup, SARS-CoV-2 ELITe MGB® Kit"
t/ma	Aitheantóir feiste tástálacha (mearthástálacha antaiginí amháin)	Aitheantóir feiste mearthástálacha antaiginí ó bhunachar sonraí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde. Tacar luacha (liosta comhchoiteann an Choiste Slándála Sláinte): — Na mearthástálacha antaiginí ar fad i liosta coiteann Choiste Slándála Sláinte (inléite ag duine). — https://covid-19-diagnostics.jrc.ec.europa.eu/devices/hsc-common-recognition-rat (meaisín-inléite, luachanna an réimse id_device san áireamh ar an liosta, is ionann iad agus an tacar luach). I dtíortha AE/LEE, ní eiseoidh eisitheoirí ach deimhnithe le haghaidh tástálacha a bhaineann leis an tacar luacha atá bailí faoi láthair. Nuashonrófar an tacar luacha gach 24 uair an chloig. Féadfar luachanna lasmuigh den tacar luacha a úsáid i ndeimhnithe arna n-eisiúint ag tríú tíortha, ach is ó bhunachair sonraí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde a thiocfaidh na haitheantóirí fós. Ní cheadaítear aitheantóirí eile a úsáid amhail iad sin a sholáthraíonn monaróirí tástálacha go díreach. Braithfidh fíoraitheoirí luachanna nach mbaineann leis an tacar luacha nuashonraithe agus léireofar deimhnithe a mbeidh na luachanna sin acu mar dheimhnithe neamhbhailí. Má bhaintear aitheantóir ón tacar luacha, féadfar glacadh le deimhnithe ar a bhfuil sé suas go dtí 72 uair an chloig ar a mhéid tar éis an dáta a baineadh é. Dáiltear an tacar luacha ó Thairseach Deimhnithe Digiteacha COVID AE. I gcás mearthástálacha antaiginí: Go beacht cuirfear 1 (aon) réimse neamhfholamh amháin ar fáil. I gcás NAAT: ní úsáidfear an réimse, fiú má tá an t-aitheantóir tástála NAA ar fáil i mbunachar sonraí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde. Mar shampla: "ma": "344" (SD BIOSENSOR Inc, STANDARD F COVID-19 Ag FIA)
t/sc	Dáta agus am bhailiú an tsampla tástála;	An dáta agus an t-am a bailíodh an tsampla tástála. Beidh faisnéis maidir leis an gcrios ama san áireamh san am sin. Ní chuirfidh an luach an t-am a táirgeadh an toradh tástála in iúl. Go beacht cuirfear 1 (aon) réimse neamhfholamh amháin ar fáil. Úsáidfear ceann de na formáidí ISO 8601 seo a leanas: Ní thacaítear le roghanna eile. BBBB-MM-LLAuu:nn:ssZ BBBB-MM-LLAuu:nn:ss[+-]uu BBBB-MM-LLAuu:nn:ss[+-]uunn BBBB-MM-LLAuu:nn:ss[+-]uu:mm Samplaí: "sc": "2021-08-20T10:03:12Z" (Am AUL) "sc": "2021-08-20T12:03:12+02" (Am CEST) "sc": "2021-08-20T12:03:12+0200" (Am CEST) "sc": "2021-08-20T12:03:12+02:00" (Am CEST)
t/tr	Toradh na tástála	Toradh na tástála. Luach códaithe ón tacar luacha test-result.json (bunaithe ar SNOMED CT, GPS). Go beacht cuirfear 1 (aon) réimse neamhfholamh amháin ar fáil. Mar shampla: "tr": "260415000" (Níor braitheadh é)

t/tc	Ionad nó saoráid tástála	Ainm an ghníomhaí a rinne an tástáil. Ceadaítear aitheantóirí mar chuid den ainm ach ní mholtar iad a úsáid go leithleach gan an t-ainm mar théacs. 80 carachtar UTF-8 ar a mhéad Ba cheart aon charachtar breise a ghiorrú. Níl an t-ainm ceaptha le haghaidh fíorú uathoibrithe. I gcás tástálacha NAAT: go beacht cuirfear 1 (aon) réimse neamhfholamh amháin ar fáil. I gcás mearthástálacha antaiginí: tá an réimse roghnach. Má sholáthraítear é, ní bheidh sé folamh. Mar shampla: "tc": "Ionad tástála ceantar iarthar 245"
t/co	an Ballstát nó an tríú tír ina ndearnadh an tástáil	Tír arna sloinneadh mar chód 2-litir ISO 3166 (INMHOLTA) nó mar thagairt d'eagraíocht idirnáisiúnta atá freagrach as an tástáil a dhéanamh (amhail UNHCR nó EDS). Is éard a bheidh i gceist leis sin luach códaithe ón tacar luacha country-2-codes.json. Dáiltear an tacar luacha ó Thairseach Deimhnithe Digiteacha COVID AE. Cuirfear 1 (aon) réimse spás amháin ar fáil. Samplaí: "co": "CZ" "co": "UNHCR"
t/is	Eisitheoir an deimhnithe	Ainm na heagraíochta a d'eisigh an deimhniú. Ceadaítear aitheantóirí mar chuid den ainm ach ní mholtar iad a úsáid go leithleach gan an t-ainm mar théacs. 80 carachtar UTF-8 ar a mhéad Go beacht cuirfear 1 (aon) réimse neamhfholamh amháin ar fáil. Samplaí: "is": "Ministry of Health of the Czech Republic" "is": "North-West region health authority"
t/ci	Aitheantóir uathúil an deimhnithe	Aitheantóir uathúil an deimhnithe mar a shonraítear ar vaccination-proof_interoperability-guidelines_en.pdf (europa.eu) Tá sé roghnach an tsuim sheiceála a áireamh. Féadfar an réimír "URN:UVCI:" a chur isteach. Go beacht cuirfear 1 (aon) réimse neamhfholamh amháin ar fáil. Samplaí: "ci": "URN:UVCI:01:NL:187/37512422923" "ci": "URN:UVCI:01:AT:10807843F94AEE0EE5093FBC254BD813#B"

4.3. *Deimhniú téarnaimh*

Grúpa téarnaimh, más ann dó, beidh 1 (aon) iontráil amháin ann go beacht ina mbeidh tuairisc ar aon ráiteas téarnaimh amháin go beacht. Tá gach gné den ghrúpa téarnaimh éigeantach, ní thacaítear le luachanna folmha.

Aitheantas an réimse	Ainm an réimse	Treoracha
r/tg	An galar nó an t-oibreán ónar théarnaigh an sealbhóir: COVID-19 (SARS-CoV-2 nó ceann dá chuid athraitheach)	Luach códaithe ón tacar luacha disease-agent-targeted.json. Tá iontráil aonair 840539006 ag an tacar luacha seo, is é sin an cód le haghaidh COVID-19 ó SNOMED CT (GPS). Go beacht cuirfear 1 (aon) réimse neamhfholamh amháin ar fáil. Mar shampla: "tg": "840539006"

r/fr	Dáta an chéad toraidh dhearfaigh ar thástáil NAAT a fuair an sealbhóir	An dáta a bailíodh sampla le haghaidh na tástála NAAT a thug toradh dearfach aige, i bhformáid BBBB-MM-LL (dáta iomlán gan am). Ní thacaítear le formáidí eile. Go beacht cuirfear 1 (aon) réimse neamhfholamh amháin ar fáil. Mar shampla: "fr": "2021-05-18"
r/co	an Ballstát nó an tríú tír ina ndearnadh an tástáil	Tír arna sloinneadh mar chód 2-litir ISO3166 (INMHOLTA) nó mar thagairt d'eagraíocht idirnáisiúnta atá freagrach as an tástáil a dhéanamh (amhail UNHCR nó EDS). Is éard a bheidh i gceist leis seo luach códaithe ón tacar luacha country-2-codes.json. Dáiltear an tacar luacha ó Thairseach Deimhnithe Digiteacha COVID an Aontais. Ní chuirfear ach spás nach bhfuil folamh amháin ar fáil. Samplaí: "co": "CZ" "co": "UNHCR"
r/is	Eisitheoir an deimhnithe	Ainm na heagraíochta a d'eisigh an deimhniú. Ceadaítear aitheantóirí mar chuid den ainm ach ní mholtar iad a úsáid go leithleach gan an t-ainm mar théacs. 80 carachtar UTF-8 ar a mhéad Go beacht cuirfear 1 (aon) réimse neamhfholamh amháin ar fáil. Mar shampla: "is": "Ministry of Health of the Czech Republic" "is": "Central University Hospital"
r/df	Deimhniú bailí ó:	An chéad dáta a mheasfar an deimhniú a bheith bailí Ní bheidh an dáta níos luaithe ná an dáta a mheasfar mar r/fr + 11 lá. Cuirfear an dáta ar fáil i bhformáid BBBB-MM-LL (dáta iomlán gan am). Ní thacaítear le formáidí eile. Go beacht cuirfear 1 (aon) réimse neamhfholamh amháin ar fáil. Mar shampla: "df": "2021-05-29"
r/du	Deimhniú bailí go dtí:	An dáta deireanach a mheasfar an deimhniú a bheith bailí, arna shannadh ag eisitheoir an deimhnithe. Ní bheidh an dáta i ndiaidh an dáta a ríomhfar mar r/fr + 180 lá. Cuirfear an dáta ar fáil i bhformáid BBBB-MM-LL (dáta iomlán gan am). Ní thacaítear le formáidí eile. Go beacht cuirfear 1 (aon) réimse neamhfholamh amháin ar fáil. Mar shampla: "du": "2021-11-14"
r/ci	Aitheantóir uathúil an deimhnithe	Aitheantóir uathúil an deimhnithe mar a shonraítear ar vaccination-proof_interoperability-guidelines_en.pdf (europa.eu) Tá sé roghnach an tsuim sheiceála a áireamh. Féadfar an réimír "URN:UVCI:" a chur isteach. Go beacht cuirfear 1 (aon) réimse neamhfholamh amháin ar fáil. Samplaí: "ci": "URN:UVCI:01:NL:187/37512422923" "ci": "URN:UVCI:01:AT:10807843F94AEE0EE5093FBC254BD813#B""